



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2023

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gearmáinis

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:


- Maidir le gach roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh chomh maith le nathanna cainte, frásaí agus focail a bhfuil a gciall cosúil leo siúd atá ar fáil sa scéim mharcála fhoilsithe.
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- **Léiríonn tulsais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulsais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.
- Léiríonn **lúibíní cruinne ()** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun lánmharcanna a bhaint amach.
- Tá eolas **a bhfuil líne faoi** riachtanach chun an marc iomlán a bhaint amach.
- Ba cheart freagraí cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile. I gcás go bhfreagraíonn iarrthóir ceist níos mó ná uair amháin, glac leis an gcéad fhreagra agus sin amháin. I gcás ina bhfuil freagraí i dteanga seachas an teanga a sonraíodh: bronn leathmharcanna.

Socruithe Réasúnta

Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach. Agus obair na n-iarrthóirí seo á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm mar atá leagtha amach sa scéim mharcála ar leathanaigh 15 agus 20.

Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil

Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile

[]	Ábhar Neamhábhartha
+	San áit ina mbíonn pointí maithe teanga
P	Pionós leathmharc do fhreagraí i dteanga nár sonraíodh/ ábhar neamhábhartha/athfhriotail gan ionramháil san áit ina bhfuil ionramháil riachtanach
L	Cumas Scríofa Níos Ísle
	Earráidí gramadaí, aimsirí, úsáid mhíchuí as an stór focal, earráidí sa litriú, easnaimh ...
	Níor bronnadh marcanna
 srl...	1, 2, 3, ... srl. marc(anna) bronnta
	Marcanna ábhair do ranna a, b, c, ... srl. i ranna scríofa
	Leathanach bán / ábhar feicthe
wo	Botún in ord na bhfocal
Op1/CL1	An chéad abairt/an abairt deiridh
Dis1	Marc lánroghnach
Scéim Mharcála Mhionathruithe (SMM)	Scéim Mharcála Mhionathruithe

TEXT I: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)

(14, 18, 18, 10)

(Teastaíonn fianaise gur thuig iarrthóirí an téacs; **athfhriotail** gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ina bhfuil ábhar **neamhábhartha**: **leathmharcanna**. **Lánmharcanna do chodanna le hionramháil**. Freagraí i dteanga nár sonraíodh = leathmharcanna)

Frage 1: (14 mharc: (a) 4 mharc; (b) 4 mharc; (c) 6 mharc)

(a) (4 mharc)

(a) Warum kommt Lena, die Erzählerin, zu Beginn der Geschichte zu spät? (Zeile 1 – 4)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Lena musste noch schnell in die Uni. / Sie war noch schnell in die Uni gegangen
2. ... um ihren Studentenausweis abzuholen. / Sie hat ihren Studentenausweis abgeholt. / Sie musste ihren Studentenausweis abholen. **(NB: Sie hat ihren Ausweis vergessen = 0)**

(b) (4 mharc)

(b) Was erfahren Sie über die Gruppe, die Lena trifft? (Zeile 5 – 10)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Die Gruppe trifft sich im Hinterhof vom Penny Supermarkt.
2. Die Gruppe hat sechs/sieben Mitglieder. / Can, Vika.... gehören zur Gruppe.
3. Sie arbeiten (alle) im Penny Supermarkt. / Sie jobben bei Penny. / Sie sind die Penny-Jobber.
4. Sie sind zwischen 16 und 19 Jahre alt.
5. Jede, jeder (von ihnen) hat/Alle haben eine andere Geschichte.

(c) (6 mharc)

(c) Warum ist der Hinterhof so wichtig für die Gruppe? Geben Sie Details. (Zeile 10 – 22)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Die Gruppe macht/sie machen dort (immer) Pause.
2. Sie treffen sich dort am/nach Feierabend/an Feiertagen.
3. Sie reden, trinken, grillen und lachen da. **(Dhá cheann ar bith: 1+1)**
4. Wenn man zur Gruppe gehören will, muss man im Hinterhof dabei sein/abhängen.
5. Im Hinterhof wird gefeiert/feiert die Gruppe. // Wenn jemand etwas zu feiern hat, dann sind alle da.
6. Sie treffen sich dort aus Sympathie / Freundschaft / weil es was umsonst gibt / weil man die Abiprüfung feiert. **(Dhá cheann ar bith: 1+1)**

Ceist 2: (18 marc: (a) 6 mharc; (b) 4 mharc; (c) 8 marc)

(a) (6 mharc: 2 + (2 x 2 mharc))

Tháinig athrú ar stádas Lena sa ghrúpa bliain ó shin. Tabhair sonraí. (na línte 23 – 37)

(2 mharc (2 x 2 mharc))

Ó shin tugtar neamhaird di go minic/...níl sí mar bhall den ghrúpa (i gceart/dáiríre) a thuilleadh. **(2)**

(Agus dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Rinne sí botún.
2. Dúirt sí le Jo go raibh suim ag Can i Marie.
3. Bhí Jo i ngrá le Marie.
4. Bhí sí ag iarraidh a fháil amach cén sórt freagra a bheadh aige (is dócha).
5. Bhí sí ag iarraidh Jo di féin (is dócha). / Thaitin Jo léi féin.
6. Níorbh fhéidir léi a béal a choinneáil dúnta / ba mhian léi gur fhan sí ciúin/gur choinneáil sí a béal dúnta.
7. (Mar thoradh) thug Jo leasainm amaideach/gránna di.// Ní ghlaonn aon duine Lena uirthi/a hainm ceart a thuilleadh.
8. D'imigh Jo.

(b) (4 mharc)

Déan cur síos ar an radharc ar an lá áirithe seo. (na línte 38 – 49)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Tá aird an chomhludair ar Can (mar is gnách) // Is é an chéad duine a fheiceann daoine.
2. Tá (scéal mór á dhéanamh ag) Can (agus é) ag cócaráil ar bheárbaiciú. (*gríoscadh = 0*)
3. Tá Marie / Vika ag suí taobh thiar de. // Tá Vika ag suí ar thaobh na láimhe deise de Marie
4. Tá suíochán Jo / an suíochán ar thaobh na láimhe clé de Marie folamh.
5. Tógann Lena / an reaire suíochán Jo / suíonn sí in aice le Marie.

(c) (8 marc: 2, 6)

*Cad atá ar intinn ag Marie a dhéanamh **agus** cad iad na fáthanna atá aici? Tabhair sonraí. (na línte 50 – 58)*

(2 mharc + (3 x 2 mharc))

Ar Intinn:

Jo a chuardach/a lorg/a fháil **(2)**

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

Fáthanna:

1. Airíonn sí uaithi Jo.
2. Tá sí buartha faoi.
3. Tá sí i ngrá leis.
4. D'imigh sé tar éis argóinte léi //d'imigh sé sé mhí ó shin//ní fhaca sí é le sé mhí anuas.
5. Níl a fhios ag aon duine/aici cá bhfuil sé.

Ceist 3: (18 marc: (a) 4 mharc; (b) 6 mharc; (c) 8 marc)

(a) (4 mharc)

Tá tuairimí agus mothúcháin dhifriúla ag Lena, an scéalaí. Tabhair sonraí. (na línte 59 – 68)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Níl a fhios aici cén fáth a chlaonann sí a ceann.
2. Creideann sí gur cheart do Jo teacht ar ais díreach/go deonach/gan aon ghá le buíon chuardaigh.
3. Níor airigh Lena uaithi Jo.
4. (Tá a fhios aici) gurb í an t-aon duine (sa ghrúpa/sa chlós) a smaoiníonn mar sin.
5. (Creideann sí) go bhfuil cúis aici a bheith ag smaoineamh mar sin // Tharraing Jo a hainm siar / bhain sé a hainm di / thug sé leasainm di.

(b) (6 mharc)

Cad a tharlaíonn sula dtéann Can, Marie agus Lena ar a dturas? Tabhair sonraí. (na línte 82 – 98)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Fuair Pavel amach cén áit/cén lárionad poist as ar tháinig cártaí poist Jo / gur tháinig na cártaí poist ón deisceart / ó Frankfurt, Würzburg, Ulm, Freiburg.
2. Líonann Lena an t-umar peitрил (ina seancharr).
3. Cuireann sí a cás sa charr. (*Ceadaigh ‘mála’*)
4. Tá an grúpa ag fanacht sa chlós cúil (le slán a rá).
5. Tugann Vika barróg do Marie
6. sileann sé cúpla deoir
7. Croitheann Pavel lámha leo.
8. Tugann Marvin sprae piobair do Can
9. Béiceann Otto go mba cheart dóibh imeacht anois/an bóthar a bhualadh / “Imígí libh!”
10. Smaoiníonn Lena, cén fáth a bhfuil sé seo á dhéanamh aici.

(c) (8 marc: (a) (i) 4 mharc; (ii) 4 mharc)

(i) Bíonn drochthús lena dturas. Tabhair sonraí. (na línte 99 – 118)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Tá deacrachtaí ag Lena ag soilse tráchtta.
2. ... loiceann an t-inneall uirthi// cliseann an carr // ní bhogann an carr//stopann an carr.
3. Tarlaíonn sé faoi cheathair (ag na soilse)
4. Séideann na carranna taobh thiar dóibh.
5. Socraíonn Marie Lena síos/cuireann sí ar a suaimhneas í/deir sí: “Tarlaíonn rudaí mar seo.”
6. Béiceann Can/tá Can ag eascainí (ón suíochán cúil) /éiríonn sé feargach/mífhoighneach// deir sé: “Ach ní tharlaíonn sé ag gach solas tráchtta!”
7. D’fhéadfadh an giúmar/atmaisféar a bheith níos fearr/tá sé go dona/níl sé go maith.
8. Tá sé te/30 céim // tá a T-léinte fliuch leis an allas
9. Níl aon chóras aerchóirithe ann
10. Raidió briste

(ii) Ar deireadh, conas a thagann feabhas ar chúrsaí? Tabhair sonraí. (na línte 119 – 123)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Cuireann Marie a lámh ar lámh Lena / cuireann sí ar a suaimhneas í
2. Deir Marie: “Bain triail as arís, a Lena! / Is féidir leat é a dhéanamh, a Lena!/Tá sé seo agat”
3. (Faoi dheireadh) Glaonn Marie ar an reacaire ‘Lena;/a fíorainm.
4. Tosaíonn an carr.
5. téann gach rud gan aon deacracht.//Buaileann siad an bóthar/leanann siad ar aghaidh/tiomáineann siad ó dheas.

Ceist 4: (10 marc: Dhá cheann ar bith: 2 x 5 mharc)

Is téama í an **neamhchinnteacht** sa scéal seo. Tabhair **dhá** shampla ón téacs.
(Is féidir úsáid teanga **agus/nó** ábhar a bheith i gceist.)

(Ábhar)

Neamhchinnteacht:

1. Cuireann Lena ceist uirthi féin an raibh a fhios aici go raibh Jo i ngrá le Marie / an ngortódh sí Jo nuair a dúirt sí leis faoi shuim Can i Marie.
2. Cuireann sí ceist uirthi féin an raibh sí díreach ag iarraidh freagairt Jo a fheiceáil ar an méid a dúirt sí.
3. Cuireann sí ceist uirthi féin an raibh Jo dá iarraidh féin.
4. Ní deirtear leis an léitheoir riamh cén leasainm a thug Jo ar an reacaire.
5. Níl an reacaire cinnte ar cheart di suí in aice le Marie.
6. (D'imigh Jo) níl siad cinnte cá ndeachaigh sé / níl a fhios ag aon duine cá bhfuil sé.
7. Níl a fhios ag Lena cén fáth a chlaonann sí a ceann nuair a aontaíonn gach duine le cinneadh Marie.
8. Cuardóidh Marie Jo cé nach bhfuil ach tuairim doiléir aici / ní fhéadfadh sí ach a shamhlú cá bhfuil sé.
9. Níl Lena cinnte cén fáth ar thaigh sí a carr. / Níl a fhios aici cad atá mícheart léi
10. Cuireann sí ceist uirthi féin cén fáth ar aontaigh sí dul ar an turas.
11. Ag deireadh an scéil, níl a fhios ag an léitheoir fós cén áit go díreach a bhfuil an grúpa ag dul chun Jo a aimsiú. / Tá siad ag dul ó Dheas – agus is cosúil nach bhfuil ceann scríbe cinnte/deimhneach acu.

(Úsáid teanga)

1. 'Alle sind da. Alle – *bis auf Jo*' – cén fáth nach bhfuil Jo ann?
2. 'Ich gehöre *nicht mehr richtig dazu*' – ag léiriú nach bhfuil Lena *go hiomlán* mar bhall den ghrúpa.
3. Cuireann sí/Lena an-chuid ceisteanna
4. 'ich zögere' a úsáid – ag léiriú go bhfuil Lena idir dhá chomhairle/níl sí cinnte ar cheart di áit Jo a thógáil in aice le Marie. (**"Ich zögere"** – **ní leor ina aonar gan mhíniú**)
5. (Jo) *ist verschwunden, einfach abgehauen* a úsáid – ag léiriú gur fhág Jo – gan aon phlean/chuspóir á fhógairt...
6. Keiner weiß, wo er ist. / Níl a fhios ag aon duine cá bhfuil sé imithe.
7. *irgendwo muss er ja sein* a úsáid – chun léiriú nach bhfuil ann ach tuairim ag Marie faoi áit Jo.

TEXT I: ANGEWANDTE GRAMMATIK (25)

Nóta: Freagair ceist 1 NÓ ceist 2

1. Sie sehen unten Sätze, in denen **Nomen/Substantive** unterstrichen sind. Sehen Sie sich das Beispiel an. Geben Sie nun für die anderen **fünf Nomen/Substantive** an:

- ob Singular oder Plural
- bei Singular das Geschlecht (feminin, maskulin, neutrum)
- den Fall (Nominativ, Akkusativ, Dativ, Genitiv)

Beispiel: Seit einem Jahr wird Lena von den anderen oft ignoriert. **Singular, neutrum, Dativ**

(25 marc: 5 x 5)

- | | | |
|-----|-------------------------------|-----------|
| (1) | Singular, maskulin, Akkusativ | (1, 2, 2) |
| (2) | Singular, maskulin, Akkusativ | (1, 2, 2) |
| (3) | Singular, maskulin, Nominativ | (1, 2, 2) |
| (4) | Plural, Dativ | (2, - 3) |
| (5) | Singular, feminin, Akkusativ | (1, 2, 2) |

NÓ

2. Lesen Sie den folgenden Text. Setzen Sie die **fehlenden Konjunktionen** aus dem Kästchen unten ein.

(25 marc: 5 x 5)

- | | | |
|-----|---------|--------------------------|
| (1) | nachdem | (5) (ceadaigh ,weil‘) |
| (2) | dass | (5) |
| (3) | aber | (5) |
| (4) | bevor | (5) |
| (5) | weil | (5) (ceadaigh ,nachdem‘) |

TEXT II: LESEVERSTÄNDNIS (60 marc)

(18, 18, 14, 10)

NB: Teastaíonn fianaise gur **thuig** iarrthóirí an téacs.

Athfhriotal gan ionramháil san **áit** ina bhfuil ionramháil **riachtanach**/ábhar **neamhábhartha** ann: **leathmharcanna**. **Lánmharcanna** do chodanna le hionramháil. Freagraí i dteanga nár sonraíodh = **leathmharcanna**

Frage 1: (18 marc: a: 4 mharc; b: 6 mharc; c: 8 marc)

(a) (4 mharc)

*Warum sollten Festivals anders organisiert werden? Schreiben Sie **zwei** kurze Sätze. (Réamhrá)*

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Damit sie umweltfreundlicher werden / um sie umfreundlicher zu machen
2. Tonnen von Müll entstehen / Sie produzieren (sehr) viel Müll.
3. Es gibt zu viele CO₂ Emissionen. // Festivals produzieren zu viele/gigantisch viele CO₂ Emissionen.

(b) (6 mharc)

Welche Probleme werden in Paragraph 1 beschrieben? (Alt 1)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Müllberge
2. kaputte Zelte, Bierdosen, Plastikbecher **(Dhá cheann ar bith: 1+1)**
3. Jeder Besucher produziert 3 kg Müll pro Tag.
4. Bands / Crews / Publikum **(Dhá cheann ar bith: 1+1)** reisen mit dem Flugzeug / fliegen (für drei Tage über den Atlantik und zurück.)
5. Festivals haben ein schlechtes Umwelt-Image. / Festival-Organisatoren müssen das Umwelt-Image verbessern.
6. Festivals sind nicht nachhaltig. / Festivals müssen nachhaltiger werden.

(c) (8 marc)

*Wie haben die Festivals in Wacken **und** Hamburg ihre Energiekonzepte geändert? (Alt 2)*

((2 x 2) + (2 x 2))

Wacken: (Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. In Wacken arbeitet man an einem nachhaltigen Energiemodell/Energiekonzept. // Das Festival will nachhaltig werden.
2. Man will Wind- und Solarenergie benutzen.
3. Wacken will (so) klimaneutral (wie möglich) werden/sein.

Hamburg: (Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. Man benutzt Solarstrom/Solarenergie
2. Grüner Wasserstoff wird benutzt. / Man benutzt grünen Wasserstoff.
3. Windparks produzieren die Energie/den Wasserstoff.
4. Es gibt *„pedal-powered stages“*. // Besucher und Besucherinnen produzieren Energie auf/mit Fahrrädern. // Sie radeln, um Energie zu produzieren.

Freagair Ceist 2 agus Ceist 3 i nGaeilge.

Ceist 2: (18 marc: a: 10 marc; b: 2 mharc; c: 6 mharc)

(a) (10 marc: 4, 6 mharc))

Cén fáth ar cuid den fhadhb iad na pubaill agus cad iad na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann? (Alt 3)

Cén fáth? (Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. na mílte puball fágtha ina ndiaidh tar éis féilte / fágadh thart ar 65% de phubaill ina ndiaidh
2. pubaill (ró-) saor / níl ach costas €18 orthu.
3. tá tionchar diúltach ag pubaill a fágadh/fágtar ina ndiaidh ar an timpeallacht.
4. níl mórán daoine ar an eolas faoi/ ar nós gur cuma leo
5. scaoiltear/gintear 25 kg de CO₂ nuair a tháirgtear puball amháin (3.5kg).

Réitigh: (Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Cuir cosc ar phubaill a úsáidtear uair amháin
2. Cuir éarlais mhór ar phubaill.
3. Cuir pubaill suas/ar fáil saor in aisce
4. ... agus iad a athúsáid
5. Tabhair na pubaill do dhaoine gan dídean.
6. Tabhair don Chumann Croise Deirge iad
7. Úsáid iad in áiteanna géarchéime / coinbhleachta
8. Úsáid iad i gcampaí dídeanaithe

(Ceadaiigh "Tabhair pubaill do dhaoine i ngátar" muna dtugtar pointí 5-8)

(b) (2 mharc)

*Cuireann ithe agus ól le hastaíochtaí. Tabhair sonra **amháin**. (Alt 4)*

(Ceann ar bith: 2 mharc)

1. (Bia agus deoch/Tá siad) freagrach as 41% d'astaíochtaí.
2. Déantar 100 tona/tonaí CO₂ a ghiniúint (thar/le linn trí lá féile).

(c) (6 mharc)

Cad is féidir a dhéanamh chun cúrsaí a fheabhsú? (Alt 4)

(Trí cinn ar bith: 3 x 2 mharc)

1. Gan aon feoil a bheith ann
2. Bia feoilséantach / veigeánach / réigiúnach a ofráil / a dhíol.
3. Seachain tonaí le figiúirí dubailte / tonaí d'astaíochtaí
4. Bia a roinnt // Bia nár úsáideadh a chur ar aghaidh
5. Gan / ná úsáid / seachain pacáistíocht aon uaire.
6. Gan / ná úsáid / seachain plaisteach.

Ceist 3: (14 mharc: a: 2 mharc; b: 8 marc; c: 4 mharc)

(a) (2 mharc)

Cad í an fhadhb is mó atá ann de bharr féilte? (Alt 5)

(Ceann ar bith: 2 mharc)

1. Astaíochtaí CO₂ mar thoradh ar thrácht / iompair (féile).
2. (Na céadta) mílte leantóir ag teacht i gcarranna / ar ghluaisrothair.

(b) (8 marc)

I gcás roinnt féilte ní fadhb é seo. Mínigh an fáth. (Alt 5)

(Ceithre cinn ar bith: 4 x 2 mharc)

1. *Modular-Festival* in Augsburg / tarlaíonn roinnt féilte go háitiúil/i gcathracha
2. is féidir leis an gcuid is mó de chuairoteoirí taisteal ar rothar
3. ... dul ar an traein (*ceadaigh 'iompair poiblí'*)
4. ... siúil (chuig tailte/láthair na féile)
5. (In Hamburg) níl aon áit pháirceála do charanna
6. (At *Open Air St. Gallen*) laghdaítear costas ar thicéid traenach agus bus faoi 50%.
7. Tá an pháirceáil / déanann siad an pháirceáil an-chostasach.

(c) (4 mharc)

Cén fáth a gceapann cuid mhór de lucht eagraithe féilte go bhfuil gá le hathruithe? Tabhair sonraí. (Alt 6)

(Dhá cheann ar bith: 2 x 2 mharc)

1. bheith níos neamhdhíobhálaí don timpeallacht/níos inbhuanaithe
2. Bheadh sé níos fearr seachas gan féile a bheith ann ar chor ar bith.
3. cúiseanna/gnéithe sóisialta
4. ... cúiseanna/gnéithe eacnamaíochta
5. ... cúiseanna/gnéithe cultúrtha
6. ceannaireacht a thabhairt le dea-shampla ó thaobh smaintí atá neamhdhíobhálach don aeráid de.
7. is féidir bheith ar ragairne / ag éisteacht le ceol **agus** a bheith éiceabhách

Ceist 4: (10 marc: 5 x 2 mharc)

Welche Satzhälften passen zusammen?

2	e	3	b	4	f	5	d	6	a
---	---	---	---	---	---	---	---	---	---

TEXT I: Äußerung zum Thema (25 Marc)

Rogha (a) nó (b)

Bearbeiten Sie (a) oder (b):

(a) Festival-Saison

Sehen Sie sich das Foto rechts an.

Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)

Cumas Scríofa = 12

- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc *lánroghnacha* (1, 1) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Cuir ábhar neamhábharta i lúibíní cearnógacha [...]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.



A: (3 mharc)

Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Satz 3: 1 mharc

B: (4 mharc)

Sind **Sie** ein Fan von Festivals? Begründen Sie warum/warum nicht in **zwei** Sätzen. (man = 0)

Begründung 1: 1 mharc

Begründung 2: 1 mharc

Was nehmen **Sie** zu einem Festival mit und was ganz sicher nicht? Schreiben Sie **zwei** Sätze.

Was: 1 mharc

Was nicht: 1 mharc

C: (4 mharc)

Welche Probleme entstehen bei Festivals durch Drogen und Alkohol? (**zwei** Sätze)

Problem 1: 1 mharc

Problem 2: 1 mharc

Welches Festival in Irland würden **Sie** empfehlen? Und warum? (**zwei** Sätze)

Festival: 1 mharc

Warum: 1 mharc

Dis. 2 mharc

Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?

(b) Computerspiele

Sehen Sie das Foto rechts an.

Ábhar = 13 (A = 3; B = 4; C = 4; Dis. 2)

Cumas Scríofa = 12



- Tabhair marcanna don **ábhar** ar dtús;
- Tá dhá mharc *lánroghnacha* (**1, 1**) ar fáil le bronnadh faoi cheann ar bith de na pointí A-C as **ábhar ábhartha, as mionsaothrú nó as trácht** breise.
- Cuir ábhar neamhábharta i lúibíní cearnógacha [...]; fág as an áireamh é agus an marc don chumas scríofa á bhreithniú.

A: (3 mharc)

*Beschreiben Sie das Foto in **drei bis vier** Sätzen.*

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Satz 3: 1 mharc

B: (4 mharc)

*Spielen **Sie** Computerspiele? Warum/warum nicht? (**zwei** Sätze).*

Grund 1: 1 mharc

Grund 2: 1 mharc

*Setzen **Sie** sich persönlich Regeln für die Zeit, die **Sie** online verbringen? (**zwei** Sätze)*

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

C: (4 mharc)

*Es gibt viele IT-Firmen in Irland. Welche Vorteile/Nachteile bringt das mit sich? (**vier** Sätze)*

Satz 1: 1 mharc

Satz 2: 1 mharc

Satz 3: 1 mharc

Satz 4: 1 mharc

Dis. 2 mharc

Ar bhronn tú na marcanna lánroghnacha?

Cumas Scríofa a Mharcáil in Äußerung zum Thema (a) nó (b)

Ábhar: Marcáiltear as **13 Cumas Scríofa:** Marcáiltear as **12 nó 7**

Más é **8** nó níos lú marc an ábhair, nó má tá an cheist róghairid (níos lú ná **60** focal), marcáil an cumas scríofa as **7** agus roghnaigh an nóta mínithe:  (E Níos Ísle) leis seo a léiriú. Úsáid na nótaí mínithe (✓_a, ✓_b, ✓_c srl.) agus pointí ábhair aonair á dtaispeáint (**Con**); agus (**Exp**) don Chumas Scríofa.

<i>E Níos Ísle (má tá an t-ábhar ≤ 8)</i>	<i>Scála Iomlán</i>	CUR SÍOS AR CHATAGÓIR
7	12	
0 – 2	0 – 3	Stór focal an-neamhleor, focail Ghaeilge nó Bhéarla ann b'fhéidir agus cur isteach ó chomhréir na Gaeilge/an Bhéarla; ord na bhfocal, go háirithe suíomh an bhriathair, mícheart go han-mhinic; foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán. Go leor earráidí sa litriú, drochearráidí gramadaí; tá na tuisil mícheart go ginearálta; fíorbheagán aontuithe atá ceart.
3 – 4	4 – 6	Úsáid an stóir focal teoranta – neamhleor agus neamhchuí in amanna – le cur isteach áirithe ón nGaeilge/mBéarla; earráidí in ord na bhfocal le feiceáil. Foirmeacha/aimsir na mbriathra mícheart ar an iomlán. Earráidí sa litriú go minic. Drochearráidí gramadaí ó am go ham: Tuisil, aontuithe, foircinn mhíchearta.
5 – 6	7 – 9	Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta, agus roinnt nathanna Gearmáinise in úsáid, b'fhéidir. Fíor-chorddhearmad in ord na bhfocal. Gan ach beagán earráidí i bhfoirmeacha/aimsir na mbriathra. Gan an iomarca earráidí sa litriú ann. Gan ach beagán drochearráidí gramadaí/mionearráidí gramadaí go minic: Tuisil, aontuithe, foircinn i gceart <u>níos minice ná a mhalairt</u>.
7	10 – 12	Úsáid an stóir focal go maith – saibhir, dúchasach agus oiriúnach. Gan ach beagán earráidí in ord na bhfocal. Foirmeacha/aimsir na mbriathra go maith. Is annamh a bhíonn earráidí sa litriú ann, gramadach ceart go ginearálta: Leibhéal maith cruinnis i dtuisil, foircinn na mbriathar agus aontuithe...

N.B. Bíodh dearcadh iomlánaíoch agat ar an úsáid teanga (**E = Cumas Scríofa**) chun obair an iarrthóra a chur sa chatagóir is cuí, lena n-áirítear ró-iontaoibh ar spreagthaigh.

Socrúithe Réasúnta: Ina gcás siúd dar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú / gramadach, beidh an marc a bhronnfar laistigh de chatagóir bunaithe ar an **stór focal**, ar mhúnlú na n-aimsirí agus ar ghnéithe a bhaineann le **ord na bhfocal** amháin i.e. na tuairisceoirí i gcló iodálach thuas agus ní ar litriú agus ar ghramadach atá bainteach le litriú.

SCHRIFTLICHE PRODUKTION (50)

Bearbeiten Sie (a) oder (b)

(a) Litir

Nóta: Freagair ceithre cinn ar bith as na cúig réimse topaicí.

Áit a bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná ceithre cinn, marcáil iad go léir agus roghnaigh na ceithre cinn is fearr don mharc deiridh.

Scríobh Jan/Jana, do chara ón nGearmáin, chugat. Tabhair freagra i nGearmáinis ar an litir, agus bíodh freagraí mionsonraithe agat ar **ceithre cinn de na cúig réimse topaicí** ar chuir sé/sí ceisteanna ina dtaobh, agus tabhair do thuairim phearsanta orthu. (*Scríobh tuairim is 160 focal.*)

Ábhar = 25 marc

Cumas Scríofa = 25 marc

Tá cúig mharc lánroghnacha (**1+1+1+1+1**) ar fáil le bronnadh faoi aon cheann de **A, B, C, D** nó **E** ar mhionsaothrú nó ar thrácht ábhartha breise. Lean na rialacha mar a bhí ag *Äußerung*.

Op. (2)

Oscailt oiriúnach:

An t-íosmhéid (**1 mharc**)

Mionsaothrú cuí NÓ tagairt d'ábhar na litreach. (**1 mharc**)

A. (4)

... im Stress, weil ich zusammen mit Freunden einen Jugendtreff plane. ... was sollten wir unbedingt organisieren, damit sich alle dort wohlfühlen? Wie kann man am besten chillen? (Ceadaiigh „ich“) (**1+1**) *Wo treffen sich junge Leute in deiner Gegend? (1) Und was machst du, wenn du allein relaxen möchtest? (1)*

B. (4)

...Wenn du an die letzten Schuljahre denkst: woran erinnerst du dich besonders gern? (1) Und warum? (1) Welche Regeln an deiner Schule nerven dich? (1) (Is leor riail amháin) Warum? (1)

C. (4)

...Welchen Effekt hat der Klimawandel in Irland? Und welche Probleme resultieren daraus? (1 + 1) Seit dem letzten Winter versuchen wir hier unseren Energieverbrauch zu reduzieren. Was macht ihr zu Hause, um Energie zu sparen? (1 + 1)

D (4)

Ich habe gerade gelesen, dass die irischen Kneipen bald länger aufhaben und Nachtclubs bis 6 Uhr morgens geöffnet sein dürfen. Ganz schön lange, finde ich! Wie ist deine Meinung dazu (1) Welche Vorteile siehst du darin? Und welche Nachteile? (darin) (1+1+1)

E. (4)

... (ich) kann abends nichts einschlafen. Ich glaube, es liegt daran, dass mein Freund Andy nicht mehr mit mir spricht. Hast du manchmal auch Probleme mit deinen Freunden? (1) Was sind die Gründe dafür? (1 + 1: glactar le cúis agus mionsaorthú) Und was machst du, wenn du nicht einschlafen kannst? (1)

Cl. (2)

Aistriú oiriúnach go dtí an deireadh/tagairt don litir (**1**)

Foirmle dheiridh chuí (**1**)

Dis. (**5 mharc: 5 x 1**) Ar bhronn tú na cúig mharc lánroghnach?

NÓ



Nóta: Freagair cúig cinn ar bith de na sé phointe urchair seo a leanas.

Áit a bhfreagraíonn iarrthóir níos mó ná cúig cinn, marcáil iad go léir agus roghnaigh na cúig cinn is fearr don mharc deiridh.

(b) Schauen Sie sich das Foto genau an.

